


MADRA DÁNA



Pictiúr: Radharc:

Sa pháirc, Páid agus Seán ag imirt peile, an ghrian sa spéir, Spota, liathróid pheile i mbéal an mhadra (de réir bhrí na cainte); cloch, coinín, liathróid bhog le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann; na buachaillí ag tógáil na liathróide ó Spota.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

Céim 4: ag iománaíocht, ag iascaireacht; ag cruinniú úll (Ceacht 8), préachán; sionnach, tarbh, uan, búistéir agus feirmeoir (Ceacht 18).

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí an lá tirim. Chuaigh Páid agus a chara ag imirt peile. Chuaigh Spota leo freisin. Rug sé ar an liathróid. D'imigh sé léi.

Agallamh

PÁID: Glaoigh ar Spota, a Sheáin.

SEÁN: Tar ar ais, a Spota, tar ar ais.

PÁID: Caithfidh mé cloch leis.

SEÁN: Ná caith. Feiceann sé coinín anois.

PÁID: Rith suas, a Sheáin, agus tóg an liathróid uaidh.

Cuntas Reatha

Rith na buachaillí. Thóg siad an liathróid ó Spota.

Agallamh

SEÁN: Féach! tá an liathróid bog. Spota dána!

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén sórt lae a bhí ann?

Cá ndeachaigh (Cár chuaigh) na buachaillí?

Agus céard faoi Spota?

Shuigh sé síos ansin, is dócha?

Tusa, a “Pháid”, céard a deir tú le Seán?

Glaoigh ar Spota, mar sin, a “Sheáin”.

Feiceann sé rud éigin?

Tusa, a “Pháid”, abair le Seán rith.

Agus céard faoin liathróid?

Céard a rinne na buachaillí?

Agus ansin?

Céard faoin liathróid anois, a “Sheáin”?
Nach deas an madra é!

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Bhí an lá *tirim*.
(*fliuch, te, fuar, go dona*, etc.).
2. Chuaigh siad amach ag *imirt peile*.
(*ag iascaireacht, ag snámh, ag iománaíocht, ag cruinniú úll, ag súgradh, ag léim, ag obair, ag rith, ag siúl*).
3. Feiceann sé *coinín*.
(*sionnach, tarbh, uan, préachán, feirmeoir, búistéir*).
4. *Thóg* siad an liathróid ó Spota.
(*Dé Domhnaigh seo chugainn; níor, ar?: imé; ní, an?: amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma beag: na cailíní ag súgradh le balún . . . pléascann Bríd é, nó pléascann an cat é.
3. Scéal a chumadh:
*Lá amháin chuaigh mise agus mo chara amach ag súgradh.
Tháinig an madra freisin . . .
nó
Spota ag insint an scéil.*

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip).

I

Páid is Seán ag imirt peile
Amuigh sa pháirc, amuigh sa pháirc
Rug an madra ar an liathróid
D'imigh sé, an madra dána

Curfá

Tar i leith, a Spota, Spota
Tar i leith, seo, seo, seo,
Bow, wow, wow, a deir an madra
Ó! Ó! Ó! a deir Páid.

II

Rith an madra leis an liathróid
Suas an cnoc, ó cá bhfuil sé?
Féach é, stop sé, stop an madra,
Liathróid bhog, a mhadra dhána.

Curfá